# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

2 Bealtaine 2024 Eagrán 194

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



Tá na hiomairí fataí réitithe go néata ag John na Máille i gCor na Rón, is an chéad chuach á cloisteáil sna garrantaí aige; í ag fógairt dó go bhfuil an samhradh linn!
Johanna Ní Mháille a thóg an grianghraf.

# MAITH IAD DALTAÍ CHOIS FHARRAIGE

D'éirigh thar barr le daltaí ó scoileanna i gCois Fharraige ag an bhFéile Náisiúnta Scoildrámaíochta a bhí ar bun sa Muileann gCearr le gairid.

Sna comórtais do bhunscoileanna bronnadh dhá dhuais ar Scoil Sailearna in Indreabhán. Ainmníodh Cathal Mac Éinrí mar an t-aisteoir (buachaill) ab fhearr sa bhFéile. Ghlac Cathal páirt Dheaide sa dráma *Saoire na mBan*. Fuair an dráma céanna an duais don seit ab éifeachtaí ag an bhFéile.

Thug Scoil Cholmcille i Ros a' Mhíl duais leo chomh maith. Fuair siadsan gradam don Bhunscoil Bheag ab fhearr don léiriú a rinne siad ar an dráma *An tOráiste*.

Thug Coláiste Chroí Mhuire sa Spidéal dhá dhuais siar abhaile freisin. Bhuaigh Rang na hIdirbhliana an chéad áit i gcomórtas 11 leis an dráma *Ceann Scríbe* a léirigh Bróna Ní Uallacháin. Roghnaíodh Ella Nic Dhomhnaill, a ghlac páirt Róise sa dráma sin don ghradam Aisteoir (Cailín) ab fhearr.

**Comhghairdeachas leo ar fad!**



Cliar *Ceann Scríbe*.
Ella Ní Dhomhnaill, thíos ar chlé,
an t-aisteoir (cailín) is fearr.




Cathal Mac Éinrí,
an t-aisteoir (buachaill) is fearr.

# CRAIC POD

Ó am go chéile bíonn Oifigigh Pleanála Teanga ó cheann ceann na tíre i bpáirt i dtionscadail éagsúla. *Craic Pod*, a seoladh ar Lá Bealtaine an ceann is deireannaí dá gcuid.

Sraith podchraoltaí le réalta móra na hÉireann idir réalta i saol an spóirt, saol an cheoil, saol na scríbhneoireachta, saol an damhsa, saol na filíochta srl a bheas i mbun cainte. Tá podchraoltaí an-fhaiseanta faoi láthair agus an-éileamh ag an aos óg go háirid orthu. Tá podchraoltaí Gaeilge ag teacht chun cinn go mór le scaitheamh anuas, léithéidí *Beo ar Éigean*, *Na Seansálaithe* agus *Seal le Seán*.

Aithníonn na hOPTanna gur deis mhaith atá sna podchraoltaí seo le tuairimí aíonna cáiliúla a fháil faoin nGaeilge agus tá súil acu go mbeidh siad ina n-eiseamláirí agus ina bhfoinsí ionspioráide don lucht éisteachta.

I measc na réalta a bheas faoi agallamh tá iar-chaptaen Chiarraí Dara Ó Cinnéide agus an ceoltóir ildánach as Iorras Aithneach, Séamus Ó Flatharta.

*"An príomh rud atá mé ag iarraidh amach anseo ná go mbeidh an Ghaeilge agus an sean-nós agus an ceol traidisiúnta mar chuid lárnach do mo shaol"* a dúirt Séamus. Luaigh Dara Ó Cinnéide nár thuig seisean an tábhacht a bhain leis an teanga agus é níos óige: "*níor thuigeas mar dhéagóir an seoid a bhí agam*".


Tá *Craic Pod* le fáil ar Spotify nó pé áit a bhfaigheann tú do chuid podchraoltaí.

Tabhair cluais dó!

# MAIDIN CHAIFE

Beidh an mhaidin chaife mhíosúil ar bun ar an Aoine 3 Bealtaine sa gCruiscín Lán ag 11.00 r.n.

Ócáid í seo a bhíonn ar bun ar an gcéad Aoine de chuile mhí i sráidbhaile an Spidéil le deis a thabhairt do dhaoine seanbhunaithe sa gceantar agus nua-thagtha isteach sa gceantar casadh le chéile, aithne a chur ar a chéile agus tacú leo siúd ar mian leo tógáil ar an méid Gaeilge atá acu.




Níl le déanamh ach bualadh isteach. Ní call aithne a bheith agat ar aon duine roimh ré. Beidh cairde ann romhat!

# RANGANNA GAEILGE

Cuireadh tús le gearrchúrsa Gaeilge eile in oifigí an Fhóraim in Inis Fáil i sráidbhaile an Spidéil an tseachtain seo. Leanfaidh an cúrsa chuile Mháirt ón 7.00 i.n – 8.30 i.n go dtí 4 Meitheamh. Tá roinnt spásanna fós ar fáil.

Seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com más mian leat freastal ar an gcúrsa.

# CEOL NA BEALTAINE SA SPIDÉAL

Tá an Ceathairéad ConTempo ag feidhmiú mar Chónaitheacht Cheoil na Gallimhe le breis is scór bliain agus é mar phrionsabal acu go bhfuil sé de cheart ag chuile dhuine éisteacht le ceol, foghlaim faoi cheol agus sásamh a bhaint as ceol. Chuige sin eagraíonn siad imeachtaí ceoil i rith na bliana sa gcathair agus sa gcontae. Beidh deis ag pobal Chois Fharraige agus Chonamara Theas éisteacht leis an mbuíon bríomhar seo i gCill Éinde sa Spidéal ar an Luan, an lá saoire bainc, 6 Bealtaine ag 3.00 i.n. Déanfar ceiliúradh ceoil ar Bhealtaine féin, ceann de phríomhfhéilte na gCeilteach, féile a cheiliúrann an ghluaiseacht i dtreo an tsamhraidh. Tá idir cheol clasaiceach agus cheol comhaimseartha ar chlár Cheol Bhealtaine, ceol a mheabhróidh tús an tsamhraidh don lucht éisteachta.

Cloisfear an ceathairéad téadach álainn *Birds* le Haydn, an píosa atmaisféarach *Candybox* leis an gcumadóir ón Ísiltír Chiel Meijering, agus sleachta as an gceatharáid téadach *Opus 27* le Grieg.

Mike P Ó Conaola a bheas ina fhear an tí agus mar reacaire ar roinnt filíochta agus cloisfear amhráin ó Éabha Ní Chonghaile an fonnadóir binn as Baile Liam sa Spidéal.

Ní ghearrfar táille ag an doras ach glacfar le síntiúis, más mian le daoine síntúis a bhronnadh. Ní gá ticéid a chur in áirithe roimh ré. Comhlucht Forbartha an Spidéil a spreag an ócáid seo agus is fiú go mór an deis a thapú le héisteacht leis an ngrúpa cumasach seo.

# AINM.IE

Cuirtear cuntas ar shaol agus ar shaothar cúigear nua leis an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéise Gaeilge chuile bhliain. Foilsíodh ábhar faoi Joe Steve Ó Neachtain agus faoi Phádraig Ó hAoláin an babhta seo.

’Sé an t-údar agus bunaitheoir Chló Iar-Chonnacht Mícheál Ó Conghaile, a scríobh an t-ábhar faoin mbeirt fhathach seo, a d’fhág a lorg go láidir, dearfach ar cheantar Chois Fharraige, ar shaol na Gaeltachta agus ar shaol na hÉireann dá réir.

Is altanna téagartha, lán-eolais, spéisiúla an dá cheann acu agus is cinnte gur méir eolais iad don phobal agus don lucht léinn agus taighde.

’Siad Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú a chuir tús leis an mbunachar beathaisnéisí ríthábhachtach seo nuair a d’fhoilsigh siad an tsraith *Beathaisnéisí*. Tá an bunachar faoi chúram Fiontar agus Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Átha Cliath agus Chló Iar-Chonnacht anois agus ar fáil ar líne ag www.ainm.ie.





# I dTREO AN tSOLAIS

**Beidh an tsiúlóid bhliantúil *Darkness into Light*, I dTreo an tSolais, ar mhaithe le Pieta House ar siúl arís i mbliana ar an gCeathrú Rua ar an 11 Bealtaine 2024.**
**Tosóidh an tsiúlóid ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag 4:15 r.n maidin an tSathairn.**
**Beidh an tsiúlóid seo ar bun ní hamháin ar fud Éireann ach in ionaid ina bhfuil Éireannaigh cruinnithe ar fud an domhain. Seo é an phríomhfhoinse airgid atá ag Pieta House, eagraíocht a chuireann tacaíocht, saor in aisce, ar fáil do dhaoine a bhíonn in ísle bhrí.**
**Tá clárú, t-léinte agus tuilleadh eolais ar fáil ach dul chuig www.darknessinlight.ie nó chuig Instagram/Facebook @darknessintolightancheathrurua.**

# SIÚLÓID SCIATHÁIN LEATHAIR

**Beidh ócáid an-spéisiúil ar bun sa Spidéal ar an Déardaoin 23 Bealtaine mar chuid de Sheachtain na Bithéagsúlachta 2024. Tá Coiste Bhaile Slachtmhar an Spidéil ag eagrú Siúlóid Sciatháin Leathair faoi stiúir Chaitríona Carlin i gcomhar le Grúpa Sciatháin Leathair na Gaillimhe.**
**Ag an tSeanchéibh a thiocfaidh daoine le chéile agus cuirfear ar an eolas thú faoin gcineál sciatháin leathair atá i gceantar an Spidéil, beidh deis agat éisteacht lena gcuid glaochanna le cabhair bhrathadóirí ar leith agus seans go bhfaighidh tú radharc ar na créatúir seo agus iad i mbun eitilte. Bíodh éadaí teo, bróga feiliúnacha agus seaicéad *Hi-Viz* ort agus tabhair lóchrann nó tóirse leat.**
**Tá fáilte roimh ghasúir ach caithfidh duine fásta a bheith ina dteannta. Ócáid saor in aisce atá ann. Cuir an 23 Bealtaine @ 9.30 ag an tSeanchéibh sa dialann anois.**

# OÍCHE ÓLAÍOCHTA

Beidh Oíche Ólaíochta ar siúl ar an 13ú Bealtaine i dteach ósta an Hole in the Wall ar Shráid Eyre i gcathair na Gaillimhe. Seo é an chéad imeacht ariamh i nGaeilge de chuid na Féile *Pint of Science*.

Tugann an eagraíocht *Pint of Science* cuid de na heolaithe is cumasaí sa gceantar go dtí tithe tabhairne agus caiféanna áitiúla lena gcuid taighde agus torthaí a gcuid taighde a roinnt leis an bpobal. Tosaíodh an fhéile seo a bhíonn ar bun le linn mhí na Bealtaine i dtrí chathair sa mBreatain i 2013. Reachtáilfear í in os cionn 400 cathair i mbeagnach tríocha tír i mbliana. Ní gá aon réamheolas ná saineolas a bheith agat: cuirfear an fhaisnéis i láthair ar bhealach tuisceanach, spéisiúil. Seo deis casadh le daoine a bhfuil an t-eolas is deireannaí agus tionchar díreach acu ar a bhfuil ag tarlú i gcúrsaí eolaíochta agus comhrá nádúrtha, cairdiúil a bheith eadraibh i dtimpeallacht shóisialta.

Déanfaidh taighdeoirí ó Scoil na Síceolaíochta agus ó Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice agus Staitistice in Ollscoil na Gaillimhe cur i láthair gearra 10-15 nóiméad ar fhad faoi thaighde nuálach ar ailse, agus faoi nascanna idir dhátheangachas agus léamhthuiscint, idir scitsifréine agus ciotógacht, agus idir mata, lámhchleasaíocht agus ceol.

Beidh taispeántas ann freisin faoin nasc idir mata, lámhchleasaíocht, agus ceol, mar sin iarrtar ort uirlís ceoil a thabhairt leat má thograíonn tú! Ócáid saor in aisce atá ann ach tá teorainn ar an líon ticéad atá ar fáil.

Is féidir ticéid a chur in áirithe ag www.pintofscience.ie.

# STEVE MHORGAN Ó CURRAOIN RIP



Bhásaigh Stiofán Ó Curraoin, Steve Mhorgan mar ab fhearr aithne air, as Doire Locháin Thiar sa Spidéal le gairid.

Fear cairdiúil, croíúil ab ea Steve a raibh aithne mhór air sa gceantar de bharr a ghníomhaí is a bhíodh sé in imeachtaí pobail. Chaith Steve roinnt blianta i Sasana ach ó d'fhill ar Dhoire Locháin ba mhinic é ag cuidiú le daoine agus ag tacú le mórán eagraíochtaí.

Bhíodh sé ar an bhfoireann ag Taispeántas Chois Fharraige, spéis mhór aige i gcomórtas na gcapall agus suim ar leith aige i gcúinne na móna i Halla Choláiste Chonnacht. Thaithin an drámaíocht go mór leis agus ba bhall gníomhach d'Aisteoirí an Spidéil é. Bhí an-áthas ar an gcumann go raibh sé i láthair i Seanscoil Sailearna ag an seó *Le Cion ar Joe* dhá bhliain ó shin. Bhaineadh sé an-sásamh go deo as Féile na gCurrachaí agus ba mhinic é i gcomórtas na bhFlótanna ar fhlót Dhoire Locháin.

Bhí an-tóir aige ar amhráin sean-nóis agus ba mhinic é i láthair ag na seisiúin sean-nóis Tigh Phádraicín. Déanann muid comhbhrón lena dheirfiúracha Mary, Delia, Nóra agus Barbara, lena dheartháireacha Pádraig agus Seán, lena mhuintir agus lena chairde iomadúla atá faoi bhrón.

Suaimhneas síoraí go raibh ag Steve.